14/03/2018

**Seachtain na Gaeilge 2018: Tráth na gCeist**

Dea-oíche agus failte roimh gach agus fáilte romhaibh go leir!

Tá an-áthas orm páirt a ghlacadh libh anseo i “The Old Oak" le seoladh a chur faoi Seachtain na Gaeilge, ar ndóigh, is Bliain na Gaeilge í comh maith.

Is mise Helena Ni Nuallain agus, d'aon duine nár bhuail-liom fós, is Ambasadóir na hÉireann go dtí Ríocht na Beilge mé. Tháinig mé anseo i mí Lúnasa seo caite.

Tá athas orm agus ar mo chuid foirne san Ambasáid, tacú leis an ócáid seo agus an ócáid do leanaí agus do theaghlaigh a bht ag an Ambasáid Dé Sathairn seo caite. Duirt Ruth Barrett liomsa gur tharla an-álainn é agus tá súil gur bhain gach duine taitneamh as.

Tá sé iontach na bealai nua a fheacail chun an teanga a chur cun cinn, mar shampla na Gaeltachta “pop-up". Tá sé togha freisin úsáid chliste na meáin shóisialta/social media a fheiceáil chun teacht ar an nGaeilge a leathnú - "Bain Triall As" agus "Trasna na dTonnta" ar Twitter, le rannphairtaiocht ar fud an domhain.

Toisc go bhfuil sé an-speisialta agus luachmhar go bhfuil ár dteanga náisiúnta féin againn, ár máthair-theanga. Agus is gné aontaithe agus aitheanta é seo dár diaspóra mór thar lear, agus anseo sa Bheilg.

Uaireanta, is féidir "fachtóir eagla" a bheith ann, mar gheall ar seans a dhéanamh, ach ceapaim gur gné spraoi agus neamh-fhoirmiúlachta e bealach maith agus is féidir leis na meáin shóisialta cabhrú le daoine é sin a shárú.

Mar, tá roinnt Gaeilge againn go léir, taobh istigh dúinn, agus is trua gan é a úsáid agus baol é a chailleadh. Admhaím gur tharla sé seo domsa. Nuair a bhí mé níos óige, i bhfad níos óige, chaith mé am sa Ghaeltacht agus, ar scoil, ba mhaith liom taitneamh a bhaint as an Ghaeilge agus rinne me go leor drámaíocht agus diospoireact sa Rothe House i Cill Chainnaigh.

Go deimhin, rinne mé mo agallamh chun páirt a ghlacadh sa státseirbhís go páirteach i nGaeilge agus d'iarr mé go sonrach obair sa Roinn Oideachais, áit a raibh súil agam a bheith in ann obair a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Fuair mé mo chéad post sa Roinn Oideachas, ach bhí sé ar an gceantar teicniúil, amháin a bhí ag déileáil le cláir nua tógála ollscoile, áit nach raibh aon duine ag labhairt Gaeilge!

Mar sin, tá a fhios agam go gcaithfidh mé roinnt oibre a dhéanamh mé féin chun mo chuid Gaeilge a shlánú arís. Ar scoil, admhaím gur mó an-spreagadh dúinn an deis chun éalú ón scoil chónaithe agus bualadh le buachaillí agus ansin chips a ithe ar an mbealach ar ais. Ach, sin scéal eile ...

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh libh uile ar an obair a dhéanann sibh chun an Ghaeilge a chur chun cinn anseo sa Bheilg. Ta mise agus mo fhoireann reidh le bheith ag obair libh chun cuidiú leis an nGaeilge a chur chun cinn anseo sa Bheilg, mar shampla le leabhair aistrithe as gaeilge, mar Tin Tin, agus le linn “Tradfest” i mí Mheithimh

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as an deis seo a labhairt, rud a spreag domsa bheith ag obair ar mo chuid Ghaeilge féin arís. Agus anois, tugann sé an-áthas orm Seachtain na Gaeilge a sheoladh.

Go raibh mile maith agaibh.